Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2022
(OR. fr, en)

10685/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0206(COD)

CLIMA 321
ENV 668
ENER 332
TRANS 442
SOC 406
FIN 709
RESPR 20
COH 58
CADREFIN 113
CODEC 1013

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10920/21 + COR 1 + ADD 1 + ADD 1 COR 1 - COM(2021) 568 final |
| Ábhar: | An pacáiste ‘Oiriúnach do 55’<br>Togra le haghaidh RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Iúil 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, mar chuid den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta[1].

[1] 10920/21 + COR 1 + ADD 1 + ADD 1 COR 1

2. Is é is aidhm don togra maolú a dhéanamh ar na tionchair shóisialta agus dáileacháin a bhaineann le córas trádála astaíochtaí ar leith a bhunú d'earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar (ETS BRT). Bunaithe ar phleananna aeráide sóisialta, tacaíonn an Ciste le bearta agus le hinfheistíochtaí chun cabhrú le teaghlaigh leochaileacha, le micrifhiontair leochaileacha agus le húsáideoirí leochaileacha iompair.

3. I bParlaimint na hEorpa, is príomhchoistí i nós imeachta comhchoiste iad an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) agus an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL) araon. Is coiste comhlachaithe é an Coiste um Buiséid (BUDG). Ceapadh Esther de Lange (PPE, NL) mar rapóirtéir do ENVI, David Casa (PPE, MT) mar rapóirtéir do EMPL agus Margarida Marques (S&D, PT) do BUDG. An 18 Bealtaine 2022, ghlac ENVI agus EMPL a dtuarascáil maidir leis an Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta atá beartaithe. An 8 Meitheamh 2022, dhiúltaigh an Pharlaimint an togra ETS ginearálta agus tharchuir sí ar ais chuig ENVI é; mar thoradh air sin, bhí vóta ag an bParlaimint ar an Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta ag seisiún iomlánach an 22-23 Meitheamh 2022.

4. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh an 8 Nollaig 2021. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ag an seisiún a bhí aige an 27-29 Aibreán 2022.

## II. AN OBAIR SA CHOMHAIRLE

5. Ar leibhéal na Meithle, tar éis an chéad phlé a rinneadh faoi Uachtaránacht na Slóivéine, lean Uachtaránacht na Fraince de scrúdú a dhéanamh ar an togra ag naoi gcruinniú a bhí dírithe ar sheasaimh na dtoscaireachtaí maidir leis na gnéithe éagsúla den togra a thabhairt chun réitigh.

6. Ar bhonn na hoibre a rinneadh, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle Comhshaoil an 17 Márta 2022[2], lenar díríodh ar Chiste Aeráide Sóisialta a bhunú i ndáil ETS BRT ar leith a bhunú.

[2] 6668/2/22 REV 2

7. Ag na cruinnithe a bhí aige an 1 Aibreán[3], an 8 Aibreán[4], an 4 Bealtaine[5] agus ag lón neamhfhoirmiúil an 8 Meitheamh 2022, bhí malartú tuairimí ag Coiste na mBuanionadaithe maidir le príomhpharaiméadair an Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta i ndáil leis an togra le haghaidh ETS BRT, agus maidir le hollstruchtúr buiséadach an phacáiste 'Oiriúnach do 55', chun treoir a chur ar fáil don obair amach anseo.

8. Ina dhiaidh sin, thíolaic an Uachtaránacht dhá théacs chomhréitigh[6] maidir leis an Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus scrúdaigh an Mheitheal iad an 10 agus an 14 Meitheamh 2022.

9. An 17 Meitheamh 2022, chun ullmhúchán a dhéanamh do phlé na Comhairle Comhshaoil maidir leis an gcomhad sin ag a chruinniú an 28 Meitheamh 2022, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe an tríú téacs comhréitigh ón Uachtaránacht[7], lena n-áirítear na saincheisteanna buiséadacha ar baineadh lúibíní cearnacha ina leith roimhe seo. Rinne Coiste na mBuanionadaithe scrúdú ar an gceathrú téacs comhréitigh ón Uachtaránacht an 22 Meitheamh 2022[8].

10. Tar éis an chruinnithe neamhfhoirmiúil a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 24 Meitheamh 2022, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an cúigiú téacs comhréitigh athbhreithnithe[9] a pléadh ag an gcruinniú foirmiúil a bhí aige an 25 Meitheamh 2022. Léiríodh sa mhalartú go raibh forchoimeádais fós ag na toscaireachtaí maidir le saincheisteanna áirithe, go háirithe maidir le líon an chiste. Mar thoradh ar an bplé sin agus ar na tuairimí éagsúla, coinníonn an Uachtaránacht gnéithe an téacs chomhréitigh, mar is cosúil gurb iad is fearr chun teacht ar chomhaontú maidir leis an téacs ina iomláine.

---

[3] 7559/22
[4] 7713/22
[5] 8406/22
[6] 9321/22 + REV 1
[7] 9969/22 + ADD 1
[8] 10395/22
[9] 10395/1/22 + REV 1

## III. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS CHOMHRÉITIGH

11. Leis an téacs comhréitigh, leasaítear an togra ón gCoimisiún maidir le roinnt gnéithe, mar fhreagairt ar cheisteanna agus iarrataí ó na toscaireachtaí, agus coinnítear leis leibhéal a rannchuidithe le cuspóir an phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Díríonn sé ar na gnéithe seo a leanas:

Ollstruchtúr buiséadach an Chiste

Leis an téacs moltar ollstruchtúr buiséadach nua le haghaidh ciste a chisteofar le hioncaim sheachtracha shannta ó liúntais ETS BRT a dhíol. Leis sin, is féidir athoscailt láithreach an chreata airgeadais ilbhliantúil a sheachaint, agus ag an am céanna tairbhe a bhaint as sraith ráthaíochtaí a bhaineann le buiséad an Aontais. Sa chomhthéacs sin, rinneadh Airteagal 30 den Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí lena n-eagraítear ceantáil liúntais ETS BRT lena rannchuidítear leis an gCiste a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le méid ioncaim uasteoranta a aistriú mar ioncam sannta seachtrach.

Saolré an Chiste

Cumhdaíonn an Ciste an tréimhse 2027-2032, chun togra maidir le moill ar theacht i bhfeidhm ETS BRT a chur san áireamh.

Méid an Chiste

Rinneadh athbhreithniú ar Iarscríbhinn II chun an laghdú i saolré (EUR 59 billiún) a chur san áireamh agus rinneadh coigeartú ar na clúdaigh náisiúnta dá réir sin. Cuirtear soiléiriú leis an téacs in Airteagal 9 ar mhéid an ghlan-athdháilte idir na Ballstáit.

Mhodheolaíocht le haghaidh leithdháileadh

Coinnítear sa téacs an togra ón gCoimisiún.

Bunú luath an Chiste

Foráiltear sa téacs d'incháilitheacht aisghníomhach caiteachais ón 1 Eanáir 2026.

Cómhaoiniú

Moltar sa téacs go scriosfaí an ranníocaíocht náisiúnta dá bhforáiltear sa togra ón gCoimisiún.

Tacaíocht ioncaim dhírigh

Moltar sa téacs go gcoinneofaí tacaíocht ioncaim dhírigh trí uasteorainn 35 % de chostais iomlána mheasta na bPleananna Aeráide Sóisialta a thabhairt isteach.

Modh bainistíochta

Foráiltear sa téacs do bhainistiú díreach feidhmíochta mar aon le heilimintí den bhainistíocht chomhroinnte amhail cúnamh teicniúil náisiúnta agus an deis údaráis bhainistíochta agus rialaithe na gCistí Struchtúracha a ghlacadh gan an gá le bailíochtú breise ón gCoimisiún. Beartaítear freisin in Airteagal 10 den Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta cead a thabhairt do na Ballstáit sin ar mian leo suas le 15 % dá leithdháileadh faoin gCiste a aistriú chuig a gcláir faoi bhainistíocht chomhroinnte. Ba cheart an méid sin a úsáid le haghaidh na gcuspóirí céanna leis an gCiste ach d'fhéadfaí é a chur chun feidhme trí CFRE, CSE, an Ciste Comhtháthaithe nó an Ciste um Aistriú Cóir.

## III. CONCLÚID

Iarrtar ar an gComhairle na saincheisteanna atá fós gan réiteach maidir le leibhéal na huaillmhéine a réiteach, agus cur chuige ginearálta a ghlacadh ar bhonn an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo. Beidh an cur chuige ginearálta mar shainordú ag an gComhairle don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa amach anseo mar chuid den Ghnáthnós Imeachta Reachtaigh.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Comhréiteach ón Uachtaránacht maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta**[10]

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

***Ábhar, raon feidhme agus cuspóirí***

Bunaítear an Ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') <u>ó 2027 go dtí 2032</u>.

Cuirfidh sé tacaíocht <u>airgeadais</u> ar fáil do Bhallstáit chun (...) na bearta agus na hinfheistíochtaí atá ina bPleananna Aeráide Sóisialta ('na Pleananna') a mhaoiniú.

Maidir leis na bearta agus na hinfheistíochtaí a dtacaíonn an Ciste leo, bainfidh teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair, ata leochaileach agus a ndéanann cuimsiú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus iompar de bhóthar i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear dóibh go háirithe leas astu, go áirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh agus saoránaigh (...) <u>nach bhfuil ach rogha teoranta nó neamhleor acu</u> i dtaobh an iompair cé is moite de charr an duine aonair (…).

[10] <u>Ní mór Airteagal 322(1) CFAE a chur isteach mar bhunús dlí breise chun freastal ar mhaolú ar Airteagal 22(2) de Theideal II den Rialachán Airgeadais, a cheanglaítear le húsáid an ioncaim shannta sheachtraigh don chiste seo.</u>

Is é cuspóir ginearálta an Chiste rannchuidiú leis an aistriú i dtreo aeráidneodrachta trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ón iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE. Is é cuspóir shonrach an Chiste tacú le teaghlaigh leochaileacha, mionfhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha trí thacaíocht ioncaim dhíreach shealadach agus trí bhearta agus infheistíochtaí lena mbeartaítear éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chomhtháthú agus a stóráil i bhfoirgnimh, agus rochtain níos fearr a thabhairt ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhéadú.

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'athchóiriú foirgneamh' gach cineál athchóirithe foirgneamh a bhaineann le fuinneamh, lena n-áirítear imchlúdach an fhoirgnimh a insliú, is é sin, ballaí, díon, urlár, fuinneoga nua a chur isteach, fearais téimh, fuaraithe agus cócaireachta nua a chur isteach, aeráil agus táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite ar an láthair a shuiteáil;

(2) ciallaíonn 'bochtaineacht fuinnimh' an bhochtaineacht fuinnimh mar a shainmhínítear i bpointe [(49)] d'Airteagal 2 de Threoir (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11];

(3) ciallaíonn 'costais mheasta iomlána an Phlean' costais mheasta iomlána na mbeart agus na n-infheistíochtaí atá mar chuid den (…) Phlean;

(4) ciallaíonn 'leithdháileadh airgeadais' tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha faoin gCiste atá ar fáil lena leithdháileadh nó a leithdháileadh ar Bhallstát;

(5) ciallaíonn 'teaghlach' (…)[12] duine a chónaíonn ina aonar nó grúpa daoine a chónaíonn le chéile agus a chuireann bunriachtanais na beatha ar fáil di nó dó nó dóibh féin;

**11** [Treoir (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C […], […], lch. […]).] [Togra le haghaidh athmhúnlú ar Threoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh]

**12** (…)

(6) ciallaíonn ‘cloch mhíle’ rud cáilíochtúil atá le baint amach agus a úsáidtear chun dul chun cinn i dtreo bhaint amach bearta nó infheistíochta a mheas;

(7) ciallaíonn ‘garsprioc’ rud cainníochtúil atá le baint amach agus a úsáidtear chun dul chun cinn a thomhas maidir le beart nó infheistíocht a bhaint amach;

(8) ciallaíonn ‘fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite’ fuinneamh ó fhoinsí neamhiontaise in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2, an dara fomhír, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13];

(9) ciallaíonn ‘micrifhiontar’ fiontar a fhostaíonn níos lú ná 10 nduine agus nach sáraíonn a láimhdeachas bliantúil nó a gclár comhardaithe bliantúil EUR 2 mhilliún, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3 go 6 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún[14];

(10) ciallaíonn ‘úsáideoirí iompair’ teaghlaigh nó micrifhiontair a úsáideann roghanna éagsúla iompair agus soghluaisteachta;

(11) ciallaíonn ‘teaghlaigh leochaileacha’ teaghlaigh faoi bhochtaineacht fuinnimh nó teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim, (…), dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr foirgnimh a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach agus nach bhfuil sé d’acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú;

---

13 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

14 Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (…) (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

(12) ciallaíonn ‘micrifhiontair leochaileacha’ micrifhiontair dá ndéanann tionchair phraghsanna foirgnimh a chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach agus nach bhfuil sé d’acmhainn acu an foirgneamh atá á áitiú acu a athchóiriú;

(13) ciallaíonn ‘úsáideoirí iompair leochaileacha’ úsáideoirí iompair, lena n-áirítear úsáideoirí ó theaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim[...], dá ndéanann na tionchair a bhíonn ag praghsanna de bharr iompar de bhóthar a áireamh i raon feidhme Threoir 2003/87/CE difear suntasach agus nach bhfuil sé d’acmhainn acu feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a cheannach nó aistriú chuig modhanna iompair mhalartacha inbhuanaithe, lena n-áirítear iompar poiblí, (…).

(13a) Ciallaíonn 'córas teicniúil foirgnimh' an fearas teicniúil a bhíonn i bhfoirgneamh nó in aonad foirgnimh i gcomhair téamh spáis, fuarú spáis, aerála, uisce te tí, soilsiú ionsuite, uathoibriú agus rialú foirgnimh, giniúint agus stóráil fuinnimh in-athnuaite ar an láthair, bonneagar ar an láthair le haghaidh leictrea-shoghluaisteachta, nó meascán díobh sin, lena n-áirítear na córais siúd a úsáideann fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite.

CAIBIDIL II

PLEANANNA AERÁIDE SÓISIALTA

*Airteagal 3*

***Pleananna Aeráide Sóisialta***

1. Cuirfidh gach Ballstát **(…)** Plean Aeráide Sóisialta ('an Plean') faoi bhráid an Choimisiúin **(…)**. Beidh sraith chomhleanúnach beart agus infheistíochtaí náisiúnta arb ann dóibh cheana nó atá nua sa Phlean chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na praghsála carbóin ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha chun téamh, fuarú agus soghluaisteacht inacmhainne a áirithiú agus na bearta is gá ag gabháil leo agus dlús á chur leo chun spriocanna aeráide an Aontais a chomhlíonadh.

1a. Áiritheoidh gach Ballstát comhsheasmhacht idir a bPlean agus a bPlean Náisiúnta agus Fuinnimh nuashonraithe dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999.

2. Féadfaidh bearta náisiúnta a sholáthraíonn tacaíocht dhíreach ioncaim shealadach do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh ar úsáideoirí iompair leochaileacha iad a bheith mar chuid den Phlean chun an tionchar a bheidh ag an méadú ar phraghas breoslaí iontaise mar thoradh ar fhoirgnimh agus iompar de bhóthar a chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE.

3. Beidh bearta agus infheistíochtaí (…) náisiúnta sa Phlean darb aidhm:

(a) (…) éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú, bearta feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta a bhaineann le córais theicniúla foirgneamh, chun athchóiriú foirgneamh a dhéanamh, agus chun téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, lena n-áirítear táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh a chomhtháthú;

(b) (…) an glacadh atá le soghluaisteacht agus iompar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha a mhéadú.

3a. I gcás ina bhfuil córas náisiúnta trádála astaíochtaí i bhfeidhm ag Ballstát cheana féin le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar nó le haghaidh cáin charbóin, féadfar na bearta náisiúnta atá i bhfeidhm cheana féin chun an tionchar sóisialta agus na dúshláin shóisialta a mhaolú a áireamh sa Phlean ar choinníoll go gcomhlíonann siad an Rialachán seo.

*Airteagal 4*

***Inneachar na bPleananna Aeráide Sóisialta***

1. Leagfar amach (…) na gnéithe seo a leanas sna Pleananna Aeráide Sóisialta:

(a) bearta agus infheistíochtaí nithiúla i gcomhréir le hAirteagal 3 chun na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír sin mar aon le míniú ar an gcaoi a gcuirfidís go héifeachtúil leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach laistigh de leagan amach foriomlán bheartais ábhartha an Bhallstáit;

(b) bearta tionlacain nithiúla (…) chun bearta agus infheistíochtaí an Phlean a chur i gcrích agus na héifeachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) (…) a laghdú, má mheasann an Ballstát gur gá sin chun an Plean a chur chun feidhme;

(ba) faisnéis faoi mhaoiniú beart agus infheistíochtaí atá ann cheana nó atá beartaithe ó fhoinsí eile de chuid an Aontais, idirnáisiúnta, poiblí nó, i gcás inarb ábhartha, ó fhoinsí príobháideacha a rannchuidíonn leis na bearta agus leis na hinfheistíochtaí a leagtar amach sa Phlean;

(c) meastachán ar na héifeachtaí is dócha a bheidh ag (…) an méadú sin ar phraghsanna arna eascairt as foirgnimh agus iompar de bhóthar a chuimsiú i raon feidhme Threoir 2003/87/CE ar theaghlaigh, ar ráta tarlaithe na bochtaineachta fuinnimh, ar mhicrifhiontair agus ar úsáideoirí iompair, agus ina gcuimseofar go háirithe meastachán maidir le teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha agus sainaithneofar na teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí sin; táthar le hanailís a dhéanamh ar na (…) héifeachtaí sin (…) ar an leibhéal críochach iomchuí (…) mar atá sainithe ag gach Ballstát, agus gnéithe amhail rochtain ar iompar poiblí agus ar sheirbhísí bunúsacha á gcur san áireamh agus na limistéir is mó a ndéantar difear dóibh á sainaithint (…);

(d) i gcás ina bhfuil foráil sa Phlean maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), na critéir chun faighteoirí deiridh incháilithe a shainaithint, léiriú ar an teorainn ama a shamhlaítear le haghaidh na mbeart i gceist agus an t-údar atá leo ar bhonn meastachán cainníochtúil agus míniú cáilíochtúil ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil go laghdóidh na bearta sa Phlean bochtaineacht fuinnimh agus iompair agus leochaileacht teaghlach (…) agus teaghlach ar úsáideoirí iompair iad do mhéadú ar phraghsanna iompair bóthair agus breoslaí téimh;

(e) na garspriocanna, na spriocanna agus an t-amchlár táscach atá beartaithe chun na bearta a chur chun feidhme, agus infheistíochtaí a bheidh le tabhairt i gcrích faoin 31 Iúil 2032**;**

(f) costais mheasta iomlána an Phlean **(…)**[15] gan CBL lena ngabhann réasúnú iomchuí (…) agus mínithe ar an gcaoi (…) a bhfuil siad i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus i gcomhréir le tionchar ionchasach an Phlean;

(g) (…)

(h) míniú ar conas a áirithítear leis an bplean nach ndéanann aon infheistíocht (…) ná beart atá mar chuid den Phlean díobháil shuntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852; soláthróidh an Coimisiún treoir theicniúil do na Ballstáit atá dírithe ar raon feidhme an Chiste chuige sin; (…);

(i) na socruithe maidir leis an bhfaireachán agus leis an gcur chun feidhme éifeachtach a dhéanfaidh an Ballstát lena mbaineann ar an bPlean, go háirithe na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, (…) (…)[16] (…) na comhtháscairí ábhartha ó Iarscríbhinn (X) nó, mura bhfuil aon cheann acu ábhartha do bheart sonrach nó d'infheistíocht shonrach, táscairí aonair arna moladh ag an mBallstát;

---

**15** N.B.: Soiléiriú maidir le CBL: agus an Plean á thíolacadh, ba cheart an costas iomlán measta a thíolacadh gan CBL chun críocha inchomparáideachta i measc na bPleananna (ós rud é go bhfuil leibhéil éagsúla CBL ag na Ballstáit maidir le míreanna éagsúla caiteachais). (...) Ós rud é nach bhfuil íocaíochtaí ar leibhéal an Aontais nasctha le sonraisc ach le garspriocanna agus spriocanna, is faoi na Ballstáit atá sé a chinneadh cé na bunchostais (lena bhféadfaí CBL a áireamh) is féidir a chumhdach agus a mbearta agus a n-infheistíochtaí náisiúnta á gcur chun feidhme acu.

**16** (…)

(j) chun an Plean a ullmhú agus, i gcás ina mbeidh fáil air, ar mhaithe leis an bPlean a chur chun feidhme, achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin, arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus an chaoi a léirítear a (…) n-ionchur (…) sa Phlean;

(k) míniú ar chóras na mBallstát chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus úsáid á baint as na (…) leithdháiltí airgeadais arna soláthar faoin gCiste, agus na socruithe a bhfuil sé mar aidhm leo cistiú dúbailte ón gCiste agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint.

(1a) Féadfar a áireamh sa Phlean na gníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil is gá chun na bearta agus na hinfheistíochtaí a leagtar amach sa Phlean a riar agus a chur chun feidhme go héifeachtach.

2. Beidh na Pleananna comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá san áireamh iontu agus leis na gealltanais a rinne na Ballstáit faoi Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus (…), faoina gcláir oibríochtúla um an mbeartas comhtháthaithe faoi Rialachán (AE) 2021/1060 (…)[17], faoina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], faoina (…) bpleananna um athchóiriú foirgneamh de bhun Threoir [togra athmhúnlaithe] (…), faoina bpleananna nuashonraithe agus comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide faoi Rialachán (AE) 2018/1999, agus faoina (…) bpleananna críochacha um aistriú cóir de bhun Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19].

---

17 Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60).

18 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

19 Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

3. Nuair a bheidh a gcuid Pleananna á n-ullmhú acu, féadfaidh Ballstáit iarraidh ar an gCoimisiún malartú dea-chleachtas a eagrú. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh freisin faoin tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh, a bhunaítear le Comhaontú an Choimisiúin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta in 2009, nó faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20].

(3a) Chun cabhrú leis na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(c) a sholáthar, soláthróidh an Coimisiún (…) comhluach a bheidh le meas do phraghas an charbóin a eascróidh as astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ó iompar de bhóthar a chur san áireamh faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE.

(3b) Déanfar na Pleananna a ullmhú i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn XX.

20 Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

CAIBIDIL III

TACAÍOCHT ÓN gCISTE LE hAGHAIDH PLEANANNA AERÁIDE SÓISIALTA

*Airteagal 5*

***Na prionsabail lena rialaítear an Ciste*** (…)

1. Soláthróidh an Ciste tacaíocht airgeadais do Bhallstáit chun na bearta agus na hinfheistíochtaí a leagtar amach ina bPleananna a mhaoiniú.

2. Beidh íocaíocht na tacaíochta coinníollach ar na garspriocanna agus na spriocanna le haghaidh beart agus infheistíochtaí a leagtar amach sna Pleananna a bhaint amach. Beidh na garspriocanna agus na spriocanna sin comhoiriúnach le spriocanna aeráide an Aontais (…) agus cuspóirí Rialachán (AE) 2021/1119, agus cumhdófar leo go háirithe:

   (a) éifeachtúlacht fuinnimh;

   (b) athchóiriú foirgneamh;

   (c) soghluaisteacht agus iompar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha;

   (d) laghduithe in astaíochtaí gás ceaptha teasa;

   (e) laghduithe ar an líon teaghlach leochaileach, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha (…).

3. Ní chuirfidh an Ciste tacaíocht ar fáil ach do bhearta agus infheistíochtaí a thugann urraim don phrionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

*Airteagal 6*

***Bearta agus infheistíochtaí incháilithe le háireamh sna Pleananna Aeráide Sóisialta***

1. Féadfaidh Ballstáit (…) na bearta agus na hinfheistíochtaí seo a leanas, i measc nithe eile, a chur san áireamh i gcostais mheasta iomlána na bPleananna, ar choinníoll go ndíríonn siad ar (…) theaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha nó úsáideoirí iompair leochaileacha go príomha agus go bhfuil siad beartaithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) Tacaíocht a thabhairt chun foirgnimh a athchóiriú, go háirithe dóibh siúd a chónaíonn sna foirgnimh is lú feidhmíochtaí (…);

   (b) rannchuidiú le dícharbónú, lena n-áirítear leictriú, téimh agus fuaraithe foirgneamh agus cócaireacht i bhfoirgnimh agus comhtháthú fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a rannchuidíonn le fuinneamh a choigilt nó bochtaineacht fuinnimh a laghdú;

   (c) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha chun réitigh (…) inacmhainne don éifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt agus a chur ar fáil agus ionstraimí maoinithe iomchuí i gcomhréir le spriocanna sóisialta an Chiste;

   (d) rochtain ar fheithiclí agus ar rothair astaíochtaí nialasacha agus ísle a chur ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais nó dreasachtaí fioscacha chun iad a cheannach agus le haghaidh bhonneagar poiblí agus príobháideach iomchuí, lena n-áirítear le haghaidh athluchtú agus athbhreoslú; maidir le tacaíocht i dtaca le feithiclí astaíochtaí ísle, cuirfear tráthchlár ar fáil chun an tacaíocht a laghdú de réir a chéile;

   (e) saor-rochtain ar iompar poiblí a dheonú nó taraifí oiriúnaithe le haghaidh rochtain ar iompar poiblí, chomh maith le soghluaisteacht inbhuanaithe ar éileamh agus seirbhísí comhroinnte soghluaisteachta;

   (f) tacú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha maidir le soghluaisteacht inacmhainne atá saor ó astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, agus seirbhísí iompair agus maidir le glacadh roghanna tarraingteacha soghluaisteachta gníomhaí (…) i limistéir gheografacha (…) a shainaithnítear sa Phlean a fhorbairt agus a chur ar fáil;

1a. Féadfaidh Ballstáit na bearta lena soláthraítear tacaíocht dhíreach ioncaim shealadach do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh ar úsáideoirí leochaileacha iompair iad a áireamh d'fhonn an méadú ar phraghsanna iompair de bhóthar agus fuinnimh téimh a iompar. Laghdófar tacaíocht den sórt sin ón gCiste le himeacht aimsire agus beidh sí teoranta don tionchar díreach a bheidh ag trádáil astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar. Ní chosnóidh na bearta sin níos mó ná (…) 35% de chostas measta iomlán an phlean dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(f) a bheidh sa mhéid sin.

1b. Féadfaidh na Ballstáit cúnamh teicniúil a áireamh chun speansais a chumhdach a bhaineann le gníomhaíochtaí oiliúna, clársceidealaithe, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, ar gníomhaíochtaí iad a bhfuil gá leo chun an Ciste a bhainistiú agus chun a chuspóirí a bhaint amach, mar shampla staidéir, costais TF, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Suas le [2.5 %] de chostas measta iomlán an phlean dá dtagraítear in Airteagal 4 (1)(…)(f) a bheidh sa mhéid sin.

1c.[21] Féadfaidh na Ballstáit bearta agus infheistíochtaí arna ndéanamh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026 a áireamh agus iad fós á ndéanamh an 1 Eanáir 2027 ar choinníoll go gcomhthoilíonn siad le cur chun feidhme na bPleananna arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 16(1) agus ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

---

21 An aithris chomhfhreagrach 'Chun réamh-mheas a dhéanamh ar éifeachtaí leathnú an chórais trádála astaíochtaí chuig foirgnimh agus iompar de bhóthar, agus chun aistriú rianúil chuig an leathnú sin a áirithiú, ba cheart bearta agus infheistíochtaí arna ndéanamh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026 a bheith incháilithe le haghaidh cistiúcháin.'

*Airteagal 7*

***Eisiaimh ó (…)raon feidhme na bPleananna Aeráide Sóisialta***

(…)

*Airteagal 8*

***Tairbhí a chur ar aghaidh chuig teaghlaigh, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair***

Féadfaidh Ballstáit tacaíocht a chuirtear ar fáil d'eintitis phoiblí nó phríobháideacha seachas teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha a chur san áireamh (…) sna (…) Pleananna, i gcás ina ndéanann na heintitis sin bearta agus infheistíochtaí a bhíonn chun leasa theaghlaigh leochaileacha, mhicrifhiontair leochaileacha agus (…) úsáideoirí iompair leochaileacha ar deireadh.

Déanfaidh Ballstát foráil maidir leis na cosaintí reachtúla agus conarthacha is gá lena áirithiú go gcuirtear an leas ar fad ar aghaidh chuig na teaghlaigh, na micrifhiontair agus na húsáideoirí iompair.

*Airteagal 9*[22]

(…) Acmhainní ón gCóras Trádála Astaíochtaí Foirgneamh agus Iompair de Bhóthar

1. (…) Cuirfear méid uasta de EUR 59 000 000 000 don tréimhse (…)2027 (…) go 2032 i bpraghsanna reatha ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 30d (4a) de Threoir 2003/87/CE, le haghaidh cur chun feidhme faoin Rialachán seo chun bearta agus infheistíochtaí na bPleananna Aeráide Sóisialta a mhaoiniú, comhfhreagrach do ghlanaistriú iomlán na mBallstát chuig an gCiste, arb ionann é agus EUR 18 600 000 000 ar a mhéid[23]**.** Cuirfear an méid sin ar fáil i bhfoirm ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais.

(…)

1a. De mhaolú ar Airteagal 22(2) den Rialachán Airgeadais agus gan dochar d'Airteagal 19, déanfar leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí lena gcumhdaítear an méid dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil go huathoibríoch suas go dtí an méid faoi seach dá dtagraítear i mír 1 amhail ó dháta bunaithe (…) an Chiste.

---

22 Aithris chomhfhreagrach: Ba cheart an Ciste Aeráide Sóisialta a mhaoiniú go heisceachtúil agus ar bhonn sealadach leis an ioncam arna ghiniúint ó liúntais ETS a chur ar ceant in earnáil na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar suas le EUR 59 000 milliún, ar cheart a bheith ina ioncam sannta seachtrach.
I (...) gcás ina mbunófar acmhainn dhílis bunaithe ar ETS san earnáil foirgneamh agus iompair de bhóthar le linn chur chun feidhme an Chiste, ba cheart don Choimisiún na tograí riachtanacha a thíolacadh chun (...) leanúnachas agus éifeachtacht chur chun feidhme an Chiste a áirithiú, faoi chuimsiú an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil iar-2027, gan dochar don toradh a bheidh ar chaibidlíocht an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil iar-2027**.**

23 Aithris chomhfhreagrach: De bhun Airteagal 30d(4a) de Threoir 2003/87/CE, tá na Ballstáit le lamháltais a chumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin a chur ar ceant suas le EUR 59 000 000 000 atá le haistriú chuig an gCiste ar bhonn sciar lamháltas a shainaithnítear in Airteagal 30ú(4) den Treoir chéanna. A luaithe a aistreofar chuig an gCiste é, ba cheart leithdháileadh uasta airgeadais a ríomh do gach Ballstát i gcomhréir le heochair leithdháilte lena soláthrófar go háirithe tacaíocht bhreise do na Ballstáit sin ar mó an tionchar orthu de bharr foirngimh agus iompar de bhóthar a áireamh faoi raon feidhme Threoir 2008/37/CE. Is é an toradh atá air sin go n-athdháiltear méid glan de EUR 18 600 000 000 ar a mhéad i measc na mBallstát.

Féadfaidh na hioncaim shannta dá dtagraítear i (…) mír 1(…) speansais a chumhdach a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta a bhfuil gá leo chun an Ciste a bhainistiú agus a chuspóirí a ghnóthú, go háirithe staidéir, cruinnithe saineolaithe, comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cuimsitheacha for-rochtana agus cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann siad le cuspóirí an Rialacháin seo, speansais a bhaineann le líonraí TF atá dírithe ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, uirlisí teicneolaíochta faisnéise corparáideacha, agus gach speansas eile maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin arna thabhú ag an gCoimisiún chun an Ciste a bhainistiú. Féadfaidh na speansais gach costas a bhaineann le gníomhaíochtaí tacaíochta eile a chumhdach freisin, amhail costais a bhaineann le rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail ar an láthair agus costais a bhaineann le piarchomhairleoireacht agus le saineolaithe chun na gníomhaíochtaí incháilithe a mheasúnú agus a chur chun feidhme.

*Airteagal 10*

***Acmhainní ó chláir bainistíochta comhroinnte agus úsáid acmhainní***

1. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an gCiste, ar iarraidh sin ón mBallstát lena mbaineann faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann, agus chuige sin amháin.

1a. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ina bPleananna Aeráide Sóisialta arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 3(1) go n-aistreofar suas le 15 % den leithdháileadh uasta airgeadais chuig cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar bearta agus infheistíochtaí mar a shainítear faoi Airteagal 6 a mhaoiniú leis na hacmhainní a aistreofar agus cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir le rialacha na gcistí a n-aistrítear na hacmhainní chucu. Déanfaidh an Coimisiún agóid in aghaidh iarraidh ar aistriú i gcás ina mbainfeadh aistriú den sórt sin an bonn de chuspóirí an Rialacháin seo agus de cheanglais na míre seo.

2. Féadfaidh Ballstáit cur chun feidhme beart agus infheistíochtaí a bhfuil an Ciste seo chun a leasa a chur ar iontaoibh údaráis bhainistíochta **(…)** na gclár oibríochtúil um an mbeartas comhtháthaithe faoi Rialachán (AE) 2021/(…)1060, sa chás gur infheidhme sin i bhfianaise na sineirgí leis na cistí sin den Aontas agus i gcomhréir le cuspóirí an Chiste. Tabharfaidh Ballstáit fógra faoina n-intinn maidir leis na nithe sin a chur ar iontaoibh na n-údarás bainistíochta sin ina bPleananna. I gcás den sórt sin, measfar go gcomhlíonann na sásraí bainistíochta agus rialaithe atá ann cheana arna gcur ar bun ag na Ballstáit, arna bhformheas ag an gCoimisiún, ceanglais an Rialacháin seo.

3. Féadfaidh na Ballstáit a áireamh ina bPlean, mar chuid de na costais mheasta iomlána, na híocaíochtaí le haghaidh tacaíocht theicniúil bhreise i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/240 agus méid na ranníocaíochta in airgead tirim chun críoch urrann an Bhallstáit de bhun fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/523. Ní rachaidh na costais sin thar 4 % de leithdháileadh iomlán airgeadais an Phlean, agus comhlíonfaidh na bearta ábhartha, mar a leagtar amach sa Phlean, an Rialachán seo.

*Airteagal 11*

***Cur chun feidhme***

Is é an Coimisiún a chuirfidh an Ciste chun feidhme tríd an mbainistíocht dhíreach i gcomhréir leis na rialacha ábhartha a glacadh de bhun Airteagal 322 CFAE, go háirithe Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24].

*Airteagal 12*

***Breisíocht agus cistiú forlíontach***

1. Beidh tacaíocht faoin gCiste sa bhreis ar thacaíocht arna cur ar fáil faoi chistí, chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Féadfaidh bearta agus infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gCiste tacaíocht a fháil ó chistí, ó chláir agus ó ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach gcumhdaíonn an tacaíocht sin an costas céanna.

---

[24] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I , 22.12.2020, lch. 1).

2. Beidh tacaíocht ón gCiste ina tacaíocht bhreise agus ní ghlacfaidh sí ionad an chaiteachais bhuiséid náisiúnta athfhillteach.

2a. Maidir le cúnamh teicniúil do na Ballstáit, ní mheasfar gur caiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach iad costais riaracháin a bhaineann go díreach cur chun feidhme an Phlean.

*Airteagal 13*

***An leithdháileadh airgeadais uasta***

1. Déanfar an leithdháileadh airgeadais uasta a ríomh le haghaidh gach Ballstáit aonair mar a shonraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II.

2. Féadfaidh gach Ballstát iarratas a chur isteach suas lena leithdháileadh airgeadais uasta, chun a phlean a chur chun feidhme.

*Airteagal 14*

***Ranníocaíocht náisiúnta leis na costais mheasta iomlána***

(…)

*Airteagal 15*

***Measúnú ón gCoimisiún***

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bPlean agus, i gcás inarb infheidhme, ar aon leasú ar an bPlean sin arna chur ar aghaidh ag Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 17, maidir le comhlíontacht le forálacha an Rialacháin seo. Nuair a bheidh an measúnú sin á dhéanamh aige, gníomhóidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis an mBallstát lena mbaineann. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt nó faisnéis bhreise a lorg laistigh de dhá mhí tar éis don Bhallstát an Plean a thíolacadh. Soláthróidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis bhreise a iarrtar, agus féadfaidh sé athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean más gá, lena n-áirítear tar éis don phlean a bheith tíolactha. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún a chomhaontú síneadh a mhairfidh tréimhse réasúnta a chur leis an sprioc-am don mheasúnú más gá.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an Phlean agus dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh, mar a leanas:

(a) Chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht, cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:

(i) cibé a gcuireann nó nach gcuireann an Plean (…) le haghaidh a thabhairt ar an tionchar sóisialta ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha agus ar na dúshláin atá rompu sa Bhallstát lena mbaineann, mar thoradh ar bhunú an chórais trádála astaíochtaí d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, agus aird chuí ar na dúshláin a shainaithnítear i measúnuithe an Choimisiúin ar an nuashonrú ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann agus ar a dhul chun cinn de bhun Airteagal 9(3), agus Airteagail 13 agus 29 i Rialachán (AE) 2018/1999, chomh maith le i moltaí an Choimisiúin do Bhallstáit a eisítear de bhun Airteagal 34 i Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise an chuspóra fhadtéarmaigh d'aeráidneodracht san Aontas faoi 2050 (…);

(ii) cibé an meastar go n-áirithítear leis an bplean nach ndéanann aon infheistíocht ná beart atá mar chuid den Phlean díobháil shuntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852;

(iii) cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil bearta agus infheistíochtaí sa Phlean a chuireann leis an aistriú glas, lena n-áirítear le dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as agus go háirithe a chuireann le gnóthú chuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030 agus garspriocanna 2030 na Straitéise um an tSoghluaisteacht i bhfianaise chuspóir fadtéarmach na haeráidneodrachta san Aontas faoi 2050.

(b) Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:

(i) cibé an meastar go mbeidh tionchar buan ag an bPlean ar na dúshláin a dtugann an Plean sin aghaidh orthu agus go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha, go háirithe teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh, sa Bhallstát lena mbaineann;

(ii) cibé an meastar go n-áiritheofar leis na socruithe atá beartaithe ag an mBallstát lena mbaineann go ndéanfar faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach ar an bPlean, lena n-áirítear an tráthchlár a shamhlaítear, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara;

(iii) cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil na bearta agus infheistíochtaí atá beartaithe ag an mBallstát lena mbaineann comhsheasmhach agus i gcomhlíonadh leis na ceanglais faoi Threoir (AE) [bbbb/uuu] [Togra le haghaidh athmhúnlú 2012/27/AE], Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [bbbb/uuu] an ll/mm/bbbb [Rialachán maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle][25], Treoir (AE) 2019/1161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2010/31/AE;

(c) Chun críocha measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht, cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:

(i) cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil an réasúnú arna sholáthar ag an mBallstát maidir le méid chostais mheasta iomlána an Phlean réasúnta agus inchreidte agus cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta;

25 [Rialachán (AE) bbbb/uuu ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle…. (IO …..).] [Togra le haghaidh Rialachán maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (…)].

(ii) cibé a bhfuiltear nó nach bhfuiltear ag dréim leis go ndéanfaidh na socruithe atá molta ag an mBallstát lena mbaineann coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as an (…) leithdháileadh airgeadais a chuirtear ar fáil faoin gCiste, lena n-áirítear na socruithe sin a bhfuil sé mar aidhm leo cistiú dúbailte ón gCiste agus (…) ó chláir an Aontais a sheachaint leo;

(iii) cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil na garspriocanna agus spriocanna atá beartaithe ag an mBallstát éifeachtach i bhfianaise raon feidhme, cuspóirí agus gníomhaíochtaí incháilithe an Chiste;

(…) Cuirfidh an Coimisiún san áireamh cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil bearta agus infheistíochtaí sa Phlean a léiríonn gníomhaíochtaí comhleanúnacha.

*Airteagal 16*

***Cinneadh ón gCoimisiún***

1. Ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 15, déanfaidh an Coimisiún cinneadh faoi Phlean Ballstáit, trí ghníomh cur chun feidhme, (…) tráth nach déanaí ná 5 mhí ón dáta a tíolacadh an Plean sin de bhun Airteagal 3(1) den Rialachán seo **(…)**.

I gcás ina dtugann an Coimisiún measúnú dearfach (…) ar Phlean, leagfar amach an méid seo a leanas sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) na bearta agus infheistíochtaí atá le cur chun feidhme ag an mBallstát, méid chostais mheasta iomlána an Phlean agus na garspriocanna agus spriocanna;

(b) an (…) leithdháileadh uasta airgeadais a leithdháiltear i gcomhréir le hAirteagal 13(1) den Rialachán seo le híoc i dtráthchodanna, i gcomhréir le hAirteagal 19, a luaithe a bheidh na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an Phlean comhlíonta go sásúil ag an mBallstát (…);

(c) (…)

(d) na socruithe agus an tráthchlár i ndáil le faireachán agus cur chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, bearta is gá chun Airteagal 20 den Rialachán seo a chomhlíonadh;

(e) na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna a shamhlaítear; agus

(f) na socruithe chun rochtain (…) leordhóthanach ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

2. Maidir leis an leithdháileadh uasta airgeadais dá dtagraítear i mír 1, cinnfear pointe (b) ar bhonn chostais mheasta iomlána an Phlean arna mholadh ag an mBallstát lena mbaineann, agus é measúnaithe de réir na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 15(2).

Socrófar méid an leithdháilte uasta airgeadais mar a leanas:

(a) i gcás ina gcomhlíonann an Plean na critéir atá leagtha amach in Airteagal 15(2) go sásúil, agus go bhfuil méid chostais an (…) Phlean **(…)**comhionann leis an leithdháileadh airgeadais uasta le haghaidh an Bhallstáit sin dá dtagraítear in Airteagal 13(1), nó níos airde, beidh an leithdháileadh airgeadais a leithdháiltear ar an mBallstát lena mbaineann comhionann le méid iomlán an leithdháilte airgeadais uasta dá dtagraítear in Airteagal (…) 13 (1)**(…)**;

(b)i gcás ina gcomhlíonann an Plean go sásúil na critéir atá leagtha amach in Airteagal 15(2), agus ina bhfuil méid chostais mheasta iomlána an (…) Phlean (…) níos ísle ná an leithdháileadh airgeadais uasta le haghaidh an Bhallstáit sin dá dtagraítear in Airteagal 13(1), beidh an leithdháileadh airgeadais a leithdháiltear ar an mBallstát comhionann le méid chostais mheasta iomlána an (…) Phlean **(…)**;

(c) i gcás ina gcomhlíonann an Plean go sásúil na critéir atá leagtha amach in Airteagal 15(2), ach go mbunaítear sa mheasúnú go bhfuil laigí sna córais rialaithe, féadfaidh an Coimisiún ceangal a chur ar (…) an mBallstát bearta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na laigí sin roimh an gcéad íocaíocht;

(d) i gcás nach gcomhlíonann an Plean na critéir atá leagtha amach in Airteagal 15(2) go sásúil, ní dhéanfar aon leithdháileadh airgeadais ar an mBallstát lena mbaineann.

3. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú diúltach ar Phlean, beidh na cúiseanna leis an measúnú diúltach sin san áireamh sa chinneadh dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Plean isteach arís, i ndiaidh measúnú an Choimisiúin a chur san áireamh.

*Airteagal 17*

***Leasú ar Phleananna Aeráide Sóisialta***

1. I gcás nach bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann Plean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, a bhaint amach a thuilleadh <u>nó nach gá é a choigeartú go suntasach,</u> go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn cúinsí oibiachtúla, go háirithe mar gheall ar fhíorthionchair dhíreacha an chórais trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann leasú ar a Phlean, chun na hathruithe is gá agus a bhfuil údar cuí leo, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht theicniúil a iarraidh chun go n-ullmhófaí iarraidh den sórt sin.

2. Is i gcomhréir le hAirteagal 15 a dhéanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bPlean leasaithe.

3. I gcás go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar an bPlean leasaithe, glacfaidh (…) sé cinneadh, laistigh de 3 mhí ó thíolacadh oifigiúil an Phlean leasaithe ag an mBallstát, ina leagfar amach na cúiseanna lena mheasúnú dearfach, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme.

4. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú diúltach ar an bPlean leasaithe, diúltóidh sé don iarraidh laistigh den tréimhse chéanna dá dtagraítear i mír 3, i ndiaidh dó deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a chuid barúlacha a chur i láthair laistigh de 3 mhí ó mheasúnú an Choimisiúin a bheith curtha in iúl.

5. Faoin 15 Márta (…) 2029 déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann measúnú ar oiriúnacht a bPleananna i bhfianaise na bhfíorthionchar díreach a bheadh ag córas trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar arna bhunú de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/087/CE. **(…)**

5a. I gcás mionchoigeartuithe ar an bPlean Aeráide Sóisialta, lena n-áirítear mion-nuashonruithe sna bearta agus sna hinfheistíochtaí a bhfuil tuairisc orthu, nó i gcás earráidí cléireachais a cheartú, ní dhéanfaidh Ballstát ach na mionchoigeartuithe a chur in iúl don Choimisiún. Is (…) méadú nó laghdú níos lú ná 5 % den sprioc dá bhforáiltear sa Phlean a bheidh sna mionchoigeartuithe.

5b. (…)

*Airteagal 18*

***Gealltanas an leithdháilte airgeadais***

1. I ndiaidh don Choimisiún cinneadh dearfach a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh sé comhaontú in am trátha leis an mBallstát lena mbaineann ina mbeidh gealltanas dlíthiúil aonair de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a chumhdaíonn an tréimhse (…) 2027-2032 **(…)**. Féadfar an comhaontú sin a chur i gcrích ar a luaithe (…) 12 mhí roimh an (…) mbliain ina gcuirtear tús leis na ceantanna faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. I gcás gach Ballstáit, ní rachaidh an gealltanas dlíthiúil thar an leithdháileadh uasta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 13(1).

(…)

2. D'fhéadfadh gealltanais bhuiséadacha a bheith bunaithe ar ghealltanais fhoriomlána agus, i gcás inarb iomchuí, féadfar iad a mhiondealú ina dtráthchodanna bliantúla arna scaipeadh thar roinnt blianta.

*Airteagal 19*

***Rialacha maidir le comhaontuithe a íoc, a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh maidir le leithdháiltí airgeadais***

1. Íocfar leithdháiltí airgeadais leis an mBallstát lena mbaineann faoin Airteagal seo ar chur i gcrích na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha comhaontaithe atá sonraithe sa Phlean, arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 16 agus faoi réir ag an gcistiú a bheith ar fáil. Ar chur i gcrích na ngarspriocanna agus na spriocanna sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh a bhfuil údar cuí léi ar íocaíocht an leithdháilte airgeadais faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfaidh Ballstáit iarrataí ar íocaíocht den sórt sin a thíolacadh don Choimisiún uair nó dhó sa bhliain, (…) faoin 31 Eanáir, nó faoin 31 Iúil.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú (…) ar na hiarrataí uile a bheidh faighte (…) ar a dhéanaí laistigh de 2 mhí tar éis do na spriocanna ama dá dtagraítear i mír 1 dul in éag, nó, más luaithe é, tar éis an iarraidh dheireanach a fháil, ar cibé ar comhlíonadh go sásúil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sna cinn**tí** ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 16 nó nár comhlíonadh iad. Tuigfear, ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna, nár aisiompaigh an Ballstát lena mbaineann bearta a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a comhlíonadh go sásúil roimhe sin. (…)

3. De mhaolú ar Airteagal 116 den Rialachán Airgeadais, i gcás ina mbeidh toradh dearfach ar mheasúnú an Choimisiúin, glacfaidh sé (…) na cinntí aonair gan moill mhíchuí lena n-údarófar eisíocaíocht an leithdháilte airgeadais i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, faoi réir ag an gcistiú a bheith ar fáil agus a áirithiú go gcaithfear (…) go cothrom leis na Ballstáit.

4. Más rud é, mar thoradh ar an measúnú dá dtagraítear i mír 3, go ndeimhníonn an Coimisiún nár cuireadh chun feidhme go sásúil na garspriocanna agus na spriocanna a leagtar amach sa chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 16, cuirfear íocaíocht (…) an choda den leithdháileadh airgeadais a chomhfhreagraíonn don sprioc nó garsprioc neamhchomhlíonta ar fionraí. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a chuid barúlacha a thíolacadh laistigh de mhí amháin ó mheasúnú an Choimisiúin a bheith curtha in iúl.

   Ní chuirfear an fhionraí i leataobh ach amháin i gcás ina bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 16 comhlíonta go sásúil.

5. De mhaolú ar Airteagal 116(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, cuirfear tús leis an spriocdháta le haghaidh íocaíochta ón dáta a chuirfear an cinneadh lena n-údarófar an eisíocaíocht in iúl don Bhallstát lena mbaineann de bhun mhír 3 den Airteagal seo, nó ón dáta a chuirfear in iúl go bhfuil fionraí á cur i leataobh de bhun an dara fomhír de mhír 4 den Airteagal seo.

6. I gcás nár comhlíonadh na garspriocanna agus na spriocanna go sásúil laistigh de thréimhse (…) 12 mhí ón gcur ar fionraí, laghdóidh an Coimisiún méid an leithdháilte airgeadais go comhréireach i ndiaidh dó deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a chuid barúlacha a chur i láthair laistigh de thréimhse 2 mhí i ndiaidh dó a chuid conclúidí a chur in iúl.

7. I gcás, laistigh de (…) 18 mhí ón dáta ar cuireadh comhaontuithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcrích, nach bhfuil aon dul chun cinn inbhraite déanta ag an mBallstát lena mbaineann maidir le ceann ar bith de na garspriocanna agus de na spriocanna ábhartha, déanfaidh an Coimisiún na comhaontuithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 18 a fhoirceannadh agus méid an leithdháilte airgeadais a tharraingt siar gan dochar d'Airteagal 14(3) den Rialachán Airgeadais. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le foirceannadh comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 18 i ndiaidh dó deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a chuid barúlacha a chur i láthair laistigh de thréimhse 2 mhí i ndiaidh don Choimisiún a mheasúnú a chur in iúl ar cé acu a rinneadh aon dul chun cinn inbhraite nó nach ndearnadh.

8. Déanfar na híocaíochtaí uile (…) faoin 31 Nollaig 2033 (…).

9. De mhaolú ar Airteagal 116 den Rialachán Airgeadais, (…) i gcás aon bhliain ar leith nach leor ioncam a shanntar don Chiste seo i gcomhréir le hAirteagal 30d (4a) de Threoir 2003/87/CE chun na hiarrataí ar íocaíochtaí arna dtíolacadh ag na Ballstáit a chumhdach, íocfaidh an Coimisiún leis na Ballstáit *pro rata* le sciar na Ballstáit mar chéatadán den leithdháileadh airgeadais iomlán measta mar a shonraítear in Iarscríbhinn II agus déanfaidh sé iarracht iad a íoc a luaithe a bheidh ioncaim nua ar fáil.

10. De mhaolú ar Airteagal 13 agus Iarscríbhinn II, leithdháilfidh an Coimisiún aon mhéid nár gealladh agus nár úsáideadh faoin 31 Nollaig 2033 ar na Ballstáit i gcomhréir leis na rialacha maidir le dáileadh lamháltas a shainítear faoi Airteagal 30ú(4) de Threoir 2003/87/CE chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 1 a bhaint amach.

*Airteagal 20*

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

1. (…) Agus na (…) Pleananna á gcur chun feidhme ag na Ballstáit, mar thairbhithe cistí faoin gCiste, déanfaidh siad na bearta uile is gá a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh (…) úsáid na leithdháiltí airgeadais maidir le bearta agus infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste [...] i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú. Chuige sin, soláthróidh na Ballstáit córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn III agus déanfaidh siad méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil. Féadfaidh na Ballstáit brath ar a gcórais rialta bainistithe buiséid náisiúnta.

2. Leis na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 18, forálfar d'oibleagáidí na mBallstát:

   (a) a sheiceáil go rialta go ndearnadh an maoiniú a chuirtear ar fáil a úsáid mar is ceart i gcomhréir leis na rialacha uile is infheidhme agus gur cuireadh aon bheart nó infheistíocht faoin bPlean chun feidhme i gceart i gcomhréir leis na rialacha uile is infheidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú;

   (b) bearta iomchuí a dhéanamh chun calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa mar a shainmhínítear in Airteagal 61 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus a ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais leo, a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus gníomhaíochtaí dlí a dhéanamh chun cistí a míleithreasaíodh a aisghabháil, lena n-áirítear i ndáil le haon bheart chun athchóirithe agus tionscadail infheistíochta faoin bPlean a chur chun feidhme;

(c) an méid seo a leanas a chur le haon iarraidh ar íocaíocht:

(i) dearbhú bainistíochta gur úsáideadh na (…) leithdháiltí airgeadais chun na críche a beartaíodh dóibh, go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach in éineacht leis an iarraidh ar íocaíocht iomlán, cruinn agus iontaofa agus go dtugann na córais rialaithe a cuireadh ar bun na dearbhuithe is gá go ndearnadh na (…) leithdháiltí airgeadais a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha go léir is infheidhme, go háirithe na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint, calaois a chosc, éilliú agus cistiú dúbailte ón gCiste agus (…) ó chláir de chuid an Aontais i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais; agus

(ii) achoimre ar na hiniúchtaí a rinneadh i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo, lena n-áirítear raon feidhme na n-iniúchtaí sin i dtéarmaí an méid caiteachais a chumhdaítear agus an tréimhse ama a chumhdaítear agus anailís ar na laigí a sainaithníodh agus ar aon ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh;

(ca) chun críoch iniúchta agus rialaithe agus chun faisnéis inchomparáide a sholáthar ar úsáid (…) leithdháiltí airgeadais i ndáil le bearta agus infheistíochtaí a chur chun feidhme faoin bPlean, na catagóirí caighdeánaithe sonraí seo a leanas a bhailiú, a thaifeadadh, a stóráil i gcóras leictreonach agus rochtain orthu a áirithiú:

(i) ainm faighteoirí deiridh (…) na leithdháiltí airgeadais, a n-uimhir chláraithe CBL nó uimhir aitheantais chánach, i gcás inarb infheidhme, agus méid an leithdháilte airgeadais ón gCiste;

(ii) ainm an chonraitheora/na gconraitheoirí agus an fhochonraitheora/na bhfochonraitheoirí, agus a n-uimhir chláraithe CBL /a n-uimhreacha cláraithe CBL nó a n-uimhir/a n-uimhreacha aitheantais chánach agus luach an chonartha/na gconarthaí i gcás inarb údarás conarthach faighteoir deiridh (…) na leithdháiltí airgeadais i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí náisiúnta maidir le soláthar poiblí (…);

(iii) céadainm nó céadainmneacha, sloinne nó sloinnte agus dáta breithe, i gcás inarb infheidhme, úinéir tairbhiúil nó úinéirí tairbhiúla fhaighteoir (…) na leithdháiltí airgeadais nó an chonraitheora, mar a shainmhínítear i bpointe 6 d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26];

(iv) liosta d'aon bhearta agus infheistíochtaí a cuireadh chun feidhme faoin gCiste, méid iomlán chistiú poiblí na mbeart agus na n-infheistíochtaí sin agus méid na gcistí a íocadh faoi chistí eile a maoiníodh as buiséad an Aontais a léiriú;

Ní cheanglaítear an fhaisnéis a iarrtar i bhfomhír (ii) ach amháin nuair a bhaineann sé le nósanna imeachta soláthair phoiblí os cionn thairseacha an Aontais. Maidir le fochonraitheoirí, ní éilítear faisnéis ach ar an gcéad leibhéal fochonraitheoireachta, i gcás ina ndéantar faisnéis a thaifeadadh ar an gconraitheoir faoi seach, agus i gcás fochonarthaí ar mó a luach iomlán ná EUR 50 000 amháin.

(cb) údarú a thabhairt go sainráite don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, (…) i leith na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE a gcearta a fheidhmiú mar a fhoráiltear le hAirteagal 129(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus oibleagáidí a fhorchur ar fhaighteoirí deiridh uile na leithdháiltí airgeadais arna n-íoc le haghaidh na mbeart chun na bearta agus na hinfheistíochtaí a áirítear sa Phlean a chur chun feidhme, nó ar gach duine nó eintiteas eile atá bainteach lena gcur chun feidhme, údarú a thabhairt go sainráite don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i gcás inarb infheidhme, do OIPE a gcearta a fheidhmiú mar a fhoráiltear le hAirteagal 129(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus oibleagáidí comhchosúla a fhorchur ar gach faighteoir deiridh uile cistí arna n-eisíoc;

---

26 Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

(cc) taifid a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 132 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, arb é an pointe tagartha an t-idirbheart íocaíochta a bhaineann leis an mbeart nó leis an infheistíocht faoi seach.

3. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír (2), pointe (d) den Airteagal seo a phróiseáil chun críche imeachtaí urscaoilte, iniúchta agus rialaithe, faisnéise, cumarsáide agus poiblíochta a bhaineann le húsáid (…) leithdháiltí airgeadais a bhaineann le cur chun feidhme na gcomhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 18 agus d'fhad comhfhreagrach na n-imeachtaí sin. Próiseálfar na sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 nó Rialachán (AE) 2018/1725, cibé acu is infheidhme. Faoi chuimsiú an nós imeachta um urscaoileadh don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 319 CFAE, beidh an Ciste faoi réir tuairisciú faoin tuairisciú comhtháite airgeadais agus cuntasachta dá dtagraítear in Airteagal 247 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, agus go háirithe, tuairisciú ar leithligh sa Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta.

4. (…)

5. Déanfar foráil freisin sna comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 18 do cheart an Choimisiúin an tacaíocht faoin gCiste a laghdú go comhréireach agus aon suim atá dlite do bhuiséad an Aontais a aisghabháil i gcásanna calaoise, éillithe agus coinbhleachtaí leasa a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nach bhfuil ceartaithe ag an mBallstát, nó i gcás sárú tromchúiseach ar oibleagáid a eascróidh as comhaontuithe den sórt sin.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le méid na haisghabhála agus an laghdaithe, déanfaidh an Coimisiún prionsabal na comhréireachta a urramú agus cuirfidh sé san áireamh a thromchúisí atá an chalaois, an t-éilliú agus coinbhleachtaí leasa a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nó do shárú ar oibleagáid. Tabharfar an deis don Bhallstát a chuid barúlacha a thíolacadh sula ndéanfar an laghdú.

CAIBIDIL IV

COMHLÁNTACHT, FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

*Airteagal 21*

***Comhordú agus comhlántacht***

Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach, sineirgí a chothú agus comhordú éifeachtach a áirithiú idir an Ciste agus (…) cláir agus ionstraimí de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Clár InvestEU, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ciste don Nuachóiriú faoi Airteagal 10d de Threoir 2003/87/CE agus na Cistí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060. Chun na críche sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

(a) a áirithiú go bhfuil comhlántacht, sineirge, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht idir ionstraimí éagsúla ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach, le linn chéim na pleanála agus le linn chéim an chur chun feidhme;

(b) sásraí comhordúcháin a bharrfheabhsú chun athobair a sheachaint; agus

(c) dlúthchomhar a áirithiú idir iad siúd atá freagrach as an gcur chun feidhme agus an rialú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach chun cuspóirí an Chiste a ghnóthú.

*Airteagal 22*

***Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht***

1. Cuirfidh Ballstáit na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 20(2), pointe (d) (i), (ii) agus (iv) den Rialachán seo ar fáil go poiblí agus iad cothrom le dáta, ar shuíomh gréasáin amháin i bhformáidí oscailte meaisín-inléite, mar a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27], lenar féidir sonraí a shórtáil, a chuardach, a asbhaint, a chur i gcomparáid agus a athúsáid. Ní fhoilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 20(2), pointe (d), (i) agus (ii) den Rialachán i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 38(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 nó (…) i gcás tacaíocht dhíreach ioncaim (…) do theaghlaigh leochaileacha.

2. Cuirfear faighteoirí cistithe ón Aontas (…) ar an eolas maidir le fhoinse na gcistí sin agus, cé is moite do dhaoine nádúrtha nó i gcásanna ina bhfuil riosca ann go bpoibleofaí faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de, áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

3. Cuirfidh an Coimisiún gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun feidhme a bhaineann leis an gCiste, agus a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun an Rialacháin seo agus leis na torthaí a baineadh amach, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí agus le comhaontú na n-údarás náisiúnta, trí chomhghníomhaíochtaí cumarsáide leis na húdaráis náisiúnta agus oifigí ionadaíochta Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin sa Bhallstát lena mbaineann.

---

27 Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

*Airteagal 23*

***Faireachán ar chur chun feidhme***

1. In 2029 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, (…) tuairisceoidh (…) gach Ballstát, ar bhonn débhliantúil, chuig an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme a Phlean (…) mar aon le tuarascáil comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán sin. Beidh an faireachán ar chur chun feidhme spriocdhírithe agus comhréireach leis na gníomhaíochtaí a dhéantar sa Phlean. Cuirfidh na Ballstáit **(…)** na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn (X) san áireamh ina dtuarascáil ar dhul chun cinn.

2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Chiste agus déanfaidh sé gnóthú a chuspóirí a thomhas. Beidh an faireachán ar chur chun feidhme spriocdhírithe agus comhréireach leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gCiste.

3. Le córas tuairiscithe feidhmíochta an Choimisiúin áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus na dtorthaí ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí chistiú ón Aontas.

4. Úsáidfidh an Coimisiún (…) na comhtháscairí (…) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn (X) iad chun tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gCiste chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 24*

***Meastóireacht agus athbhreithniú ar an gCiste***

1. (…) Dhá bhliain tar éis tús a chur le cur chun feidhme na bPleananna, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an Chiste agus tíolacfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, aon tograí le haghaidh leasuithe ar an Rialachán seo.

2. (…)

3. Sa tuarascáil mheastóireachta, déanfar measúnú, go háirithe, ar a mhéid a gnóthaíodh cuspóirí an Chiste a leagtar amach in Airteagal 1, ar éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus ar an mbreisluach AE. Breithneofar ann ábharthacht leanúnach na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí uile a leagtar amach in Airteagal 6 i bhfianaise an tionchar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus ó na bearta náisiúnta a dhéanann Ballstáit chun na laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28]. Breithneofar ann freisin ábharthacht leanúnach (…) úsáid (…) ioncam sannta i ndáil le forbairtí féideartha maidir le lamháltais a chur ar ceant faoin gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar de bhun Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE agus breithnithe ábhartha eile.

4. (…)

---

28 Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lgh. 26-42).

4a. Faoin 31 Nollaig 2033, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta neamhspleách *ex post* a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún.

5. Beidh measúnú foriomlán ar an gCiste sa tuarascáil mheastóireachta ex post agus beidh faisnéis faoina tionchar san áireamh inti freisin.

*Airteagal 25*

***An tarmligean a fheidhmiú***

(…)

*Airteagal 26*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh sé i bhfeidhm ón dáta faoina dtabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun Treoir (AE) [bbbb/uuu] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, a chomhlíonadh.

29 [Treoir (AE) bbbb/uuu ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle…. (IO ….) [Treoir lena leasaítear Treoir 2003/87/CE]

## IARSCRÍBHINN I

**Modheolaíocht chun an leithdháileadh uasta airgeadais a ríomh in aghaidh an Bhallstáit faoin gCiste de bhun Airteagal 13**

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo an mhodheolaíocht chun an leithdháileadh uasta airgeadais atá ar fáil do gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 13 a ríomh.

Leis an modheolaíocht cuirtear na hathróga seo a leanas san áireamh maidir le gach Ballstát:

– an daonra atá i mbaol bochtaineachta ar a bhfuil cónaí i gceantair thuaithe (2019);
– na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó dhóchán breosla ag teaghlaigh (meán 2016-2018);
– an céatadán de theaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta le riaráistí ar a mbillí fóntais (2019);
– an daonra iomlán (2019);
– OIN per capita an Bhallstáit, arna thomhas i gcaighdeán cumhachta ceannaigh (2019);
– an sciar d’astaíochtaí tagartha faoi Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/842 le haghaidh na n-earnálacha a chumhdaítear le [Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE] (meán 2016-2018).

Sainmhínítear an leithdháileadh uasta airgeadais a dhéanann Ballstát faoin gCiste ($MFA_i$) mar a leanas:

$$MFA_i = \alpha_i \times (IAI)$$

Mar a bhfuil:

Is ionann an t-imchlúdach airgeadais iomlán (IAI) chun an Ciste a chur chun feidhme agus suim na n-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (2) agus is é $\alpha_i$ sciar Bhallstát i san imchlúdach airgeadais iomlán, arna chinneadh ar bhonn na gcéimeanna seo a leanas:

$$\alpha_i = (50\ \% \ \times \beta_i + 50\% \times \lambda_i) \times \frac{OIN_{AE}^{PC}}{OIN_i^{PC}}$$

Agus

$$\beta_i = \min(\frac{rural\ pop_i}{rural\ pop_{AE}}, \frac{pop_i}{pop_{AE}} \times f_i)$$

$$\lambda_i = \gamma_i \times \delta_i$$

$$\gamma_i = \frac{HCO2_i}{HCO2_{AE}}$$

$$\delta_i = \min(\frac{arrears_i}{arrears_{AE}}, f_i)$$

$f_i = 1$ i gcás $OIN_i^{PC} \geq OIN_{AE}^{PC}$; $f_i = 2.5$ i gcás $OIN_i^{PC} < OIN_{AE}^{PC}$

Mar a bhfuil, i gcás gach Ballstáit i:

$rural\ pop_i$ an daonra atá i mbaol bochtaineachta ar a bhfuil cónaí i gceantair thuaithe Bhallstát i;

$rural\ pop_{AE}$ suim an daonra atá i mbaol bochtaineachta ar a bhfuil cónaí i gceantair thuaithe AE-27;

$pop_i$ daonra an Bhallstáit i;

$pop_{AE}$ suim dhaonra Bhallstáit AE-27;

$HCO2_i$ na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó dhóchán breosla ag teaghlaigh Bhallstát i;

$HCO2_{AE}$ suim na n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó dhóchán breosla ag teaghlaigh Bhallstáit AE-27;

$arrears_i$ an céatadán de theaghlaigh atá i mbaol na bochtaineachta le riaráistí ar bhillí fóntais Bhallstát i;

$arrears_{AE}$ an céatadán de theaghlaigh atá i mbaol na bochtaineachta le riaráistí ar bhillí fóntais AE-27;

$OIN_i^{PC}$ OIN per capita Bhallstát i;

$OIN_{AE}^{PC}$ OIN per capita AE-27.

Déantar $\beta_i$ na mBallstát sin ag a bhfuil OIN per capita faoi bhun luach AE-27 agus gurb é $\frac{rural\ pop_i}{rural\ pop_{AE}}$ an chomhpháirt íosta lena n-aghaidh a choigeartú go comhréireach chun a áirithiú gurb ionann suim $\beta_i$ le haghaidh gach Ballstáit agus 100 %. Déantar gach $\lambda_i$ a choigeartú go comhréireach chun a áirithiú gurb ionann a suim agus 100 %.

I gcás na mBallstát ag a bhfuil ONI per capita faoi bhun 90 % de luach AE-27, ní fhéadfaidh $\alpha_i$ a bheith níos ísle ná an sciar d’astaíochtaí tagartha faoi Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/842 le haghaidh na n-earnálacha a chumhdaítear le [Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE] le haghaidh mheán na tréimhse 2016-2018. Déantar $\alpha_i$ na mBallstát ag a bhfuil OIN per capita os cionn luach AE-27 a choigeartú go comhréireach chun a áirithiú gurb ionann suim gach$\alpha_i$ agus 100 %.

## IARSCRÍBHINN II

**An leithdháileadh uasta airgeadais in aghaidh an Bhallstáit faoin gCiste de bhun Airteagal 9 agus Airteagal 13**

Nuair a chuirtear an mhodheolaíocht in Iarscríbhinn I i bhfeidhm ar na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (2) is é an toradh a bhíonn air ná an sciar seo a leanas agus an leithdháileadh uasta airgeadais (MFA) in aghaidh an Bhallstáit.

Cumhdófar aon mhéid a thiocfaidh de thoradh Airteagal 9(3) laistigh de theorainneacha an leithdháilte airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit ar bhonn pro rata.

| An leithdháileadh uasta airgeadais in aghaidh an Bhallstáit de chuid AE (…) | | |
|---|---|---|
| Ballstát | Sciar mar % den iomlán | IOMLÁN 2027-2032 (in EUR, praghsanna reatha) |
| An Bheilg | 2.56 | 1 507 472 586 |
| An Bhulgáir | 3.85 | 2 270 196 572 |
| An tSeicia | 2.40 | 1 418 376 081 |
| An Danmhairg | 0.50 | 295 199 829 |
| An Ghearmáin | 8.19 | 4 830 305 066 |
| An Eastóin | 0.29 | 169 159 204 |
| Éire | 1.02 | 602 578 740 |
| An Ghréig | 5.52 | 3 257 800 252 |
| An Spáinn | 10.53 | 6 210 512 340 |
| An Fhrainc | 11.20 | 6 609 276 999 |
| An Chróit | 1.94 | 1 147 202 499 |
| An Iodáil | 10.81 | 6 379 618 614 |
| An Chipir | 0.20 | 119 094 192 |
| An Laitvia | 0.71 | 421 140 612 |
| An Liotuáin | 1.02 | 603 242 818 |
| Lucsamburg | 0.10 | 60 043 059 |
| An Ungáir | 4.33 | 2 557 641 991 |
| Málta | 0.01 | 4 178 166 |

| | | |
|---|---|---|
| An Ísiltír | 1.11 | 654 419 722 |
| An Ostair | 0.89 | 525 865 904 |
| An Pholainn | 17.61 | 10 389 653 776 |
| An Phortaingéil | 1.88 | 1 110 946 532 |
| An Rómáin | 9.26 | 5 461 097 201 |
| An tSlóivéin | 0.55 | 324 928 189 |
| An tSlóvaic | 2.36 | 1 390 145 971 |
| An Fhionlainn | 0.54 | 316 219 516 |
| An tSualainn | 0.62 | 363 683 573 |
| AE27 | 100 % | 59 000 000 000 |

# IARSCRÍBHINN III

## Príomhcheanglais le haghaidh chóras rialaithe an Bhallstáit

(1) Soláthróidh an Ballstát córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil, i gcomhréir lena chreat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais, lena gcuimseofar deighilt feidhmeanna agus socruithe tuairiscithe, maoirseachta agus faireacháin.

Áirítear leis sin:

- (…)
- (…)
- ainmniú na n-údarás ar a gcuirtear de chúram an Plean (…) Aeráide Sóisialta a chur chun feidhme agus na freagrachtaí agus feidhmeanna gaolmhara a leithdháileadh;
- ainmniú an údaráis nó na n-údarás ar a bhfuil freagracht as an dearbhú bainistíochta a ghabhann leis na hiarrataí íocaíochta a shíniú;
- nósanna imeachta lena n-áiritheofar go bhfaighidh an t-údarás nó na húdaráis seo dearbhú maidir le baint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna atá leagtha amach sa phlean, go ndearnadh na cistí a bhainistiú i gcomhréir le gach riail is infheidhme, go háirithe rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint, calaois a chosc, éilliú agus cistiú dúbailte;
- deighilt iomchuí idir feidhmeanna bainistíochta agus iniúchóireachta.

(2) Déanfaidh an Ballstát bearta frithchalaoise agus frithéillithe a chur chun feidhme go héifeachtach, chomh maith le haon bheart is gá chun coinbhleacht leasa a sheachaint go héifeachtach.

Áirítear leis sin:

- bearta iomchuí i ndáil le calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, chomh maith le cistiú dúbailte a sheachaint agus caingne dlí a ghlacadh chun cistí a rinneadh a mhíleithreasú a aisghabháil;
- measúnú riosca maidir le calaois agus bearta maolaithe frithchalaoise iomchuí a shainiú.

(3) Coinneoidh an Ballstát nósanna imeachta ar bun chun an dearbhú bainistíochta agus an achoimre ar na hiniúchtaí (…) arna ndéanamh ar leibhéal náisiúnta a tharraingt suas.

Áirítear leis sin:

- Nós imeachta éifeachtach chun an Dearbhú Bainistíochta a tharraingt suas, tuairisc a thabhairt ar an achoimre ar na hiniúchtaí [...] agus an fhaisnéis bhunúsach a choimeád don rian iniúchóireachta;
- Nósanna imeachta éifeachtacha chun a áirithiú go ndéantar gach cás calaoise nó éillithe a thuairisciú agus a cheartú i gceart tríd aisghabhálacha.

(4) Chun an fhaisnéis is gá a chur ar fáil, áiritheoidh an Ballstát go ndéanfar fíoruithe bainistíochta iomchuí, lena n-áirítear nósanna imeachta chun baint amach garspriocanna agus spriocanna a sheiceáil chomh maith le prionsabail ghinearálta na bainistíochta fónta airgeadais a chomhlíonadh.

Áirítear leis sin:

- fíoruithe bainistíochta iomchuí trína ndéanfaidh údaráis cur chun feidhme seiceáil ar chomhlíonadh garspriocanna agus spriocanna an chiste (e.g. athbhreithnithe deisce, seiceálacha ar an láthair);
- fíoruithe bainistíochta iomchuí trína ndéanfaidh na húdaráis cur chun feidhme seiceáil nach ann do neamhrialtachtaí tromchúiseacha (calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa) agus cistiú dúbailte (e.g. athbhreithnithe deisce, seiceálacha ar an láthair).

(5) Déanfaidh an Ballstát iniúchtaí leordhóthanacha agus neamhspleácha ar chórais agus oibríochtaí i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta.

Áirítear leis sin:

- Ainmniú an chomhlachta/na gcomhlachtaí a dhéanfaidh na hiniúchtaí ar chórais agus oibríochtaí agus ar an gcaoi a ndéantar neamhspleáchas feidhmiúil an chomhlachta/na gcomhlachtaí siúd a áirithiú;
- Leithdháileadh acmhainní leordhóthanacha don chomhlacht/do na comhlachtaí seo chun críche an Chiste;
- An comhlacht/na comhlachtaí (…) ag dul i ngleic go héifeachtach le riosca calaoise, éillithe, coinbhleacht leasa agus cistiú dúbailte tríd iniúchtaí córais agus iniúchtaí ar oibríochtaí.

(6) Coinneoidh an Ballstát córas éifeachtach ar bun chun a áirithiú go gcoimeádfar an fhaisnéis agus na doiciméid go léir is gá chun críocha an riain iniúchóireachta.

Áirítear leis sin:

- sonraí faoi fhaighteoirí deiridh na mbeart nó na n-infheistíochtaí is gá chun na garspriocanna/na spriocanna a bhaint amach a bhailiú, a thaifeadadh agus a stóráil go héifeachtach i gcóras leictreonach;
- rochtain don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus (…) i ndáil leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán ((AE) 2017/1939, OIPE, ar na sonraí maidir le faighteoirí deiridh.

## IARSCRÍBHINN X

(...) Liosta na gcomhtháscairí

## IARSCRÍBHINN XX

Teimpléad do na Pleananna Aeráide Sóisialta